

Joe McHugh TD,

Aire Stáit ar a bhfuil freagracht as an nGaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin,

23 Sráid Chill Dara,

Baile Átha Cliath 2.

joe.mchugh@oireachtas.ie

cc: Josepha Madigan TD

28/08/2018

A Aire, a chara,

Is ábhar díomá dúinn go bhfuil an Gaelacadamh le scor de bharr na teipe iarrachtaí cúnamh stáit a fháil chun an t-eagras a choinneáil. Mar sin tá cúpla ceist againn ort maidir leis an teip seo agus chun cinntiú go leanfaidh na seirbhísí oideachais neamhfhoirmiúla ealaíona ar aghaidh do na daoine óga i gConamara agus na hOileáin Árann.

Cén leibhéal maoinithe a bheidh á chur ar fáil d'Ealaín na Gaeltachta chun tabhairt faoina cúraimí nua, ag cur san áireamh go mbeidh seirbhís á cur ar fáil anois sna ceantair Ghaeltachta ar fad?

An mbeidh Ealaín na Gaeltachta féin ag cur na seirbhísí seo ar fáil nó an mbeidh siad ag earcú eagraíocht eile chun iad a chur ar fáil?

Sa chás go mbeidh Ealaín na Gaeltachta ag dul i mbun na gcúraimí seo an bhfuil an tAire sásta go bhfuil dóthain acmhainní foirne acu chun é seo a dhéanamh?

Ag glacadh leis go dtógfaidh sé roinnt ama chun struchtúir nua a chothú sna ceantair Ghaeltachta éagsúla, cad iad na céimeanna atá an tAire agus a Roinn á nglacadh lena cinntiú nach mbíonn briseadh seirbhíse ann d'aos óg Chonamara agus na hOileáin Árann sa scoilbhliain romhainn?

An nglacann an tAire leis go bhfuil sé riachtanach nach gcaillfear an saineolas, struchtúr agus na teagascóirí a bhí ag plé leis an tseirbhís go dtí seo, agus cad iad céimeanna atá an tAire agus a Roinn á nglacadh lena cinntiú nach dtarlaíonn sé seo?

Tá tábhacht faoi leith ar bhonn sochteangeolaíochta go leanfaidh an próiséas foghlamtha do na daoine óga, mar tríd na daoine óga ag cleachtadh ach go háirithe na healaíona béil, tá siad ag sealbhú agus ag saibhriú a gcuid Gaeilge a chinnteoidh todhchaí na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Toisc gur cailleadh na seirbhísí ealaíona a bhí á gcur ar fáil ag an nGaelacadamh go dtí seo, ba mhaith linn a chinntiú uaitse a Aire nach mbeidh easnamh do na daoine óga i gConamara agus na hOileáin Árann maidir le seirbhísí oideachais neamhfhoirmiúla ealaíona a sholáthar dóibh.

Is mise, le meas,

Caoimhín Ó Cadhla

Caoimhín Ó Cadhla

Feidhmeannach Taighde agus Anailíse

Conradh na Gaeilge